An Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha

2019

CIORCLÁN TREORACH

Samhain 2018

Clár Ábhar

1.	Cúlra agus Cuspóir na Scéime	2
2.	Cáilitheacht	3
3.	An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe	4
4.	Aisíocaíocht an Chistithe	6
5.	Téarmaí & Coinníollacha	7

Aguisíní:

I	*Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha*
II	*Foirm A – Le comhlánú ag an Iarratasóir*
III	*Foirm B – Le comhlánú ag an Údarás Áitiúil*
IV	*Foirm C – Le comhlánú ag an Údarás Áitiúil*

1. Cúlra agus Cuspóir na Scéime

Cuireann an treoir seo faisnéis ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le hoibriú agus riar **na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (SIOT) 2018**.

1.1 Cúlra

Tá tionchar trom ag cáilíocht ár dtimpeallacht thógtha stairiúil ar ár saol laethúil. Cuireann sí le beogacht ár gcathracha, mbailte, sráidbhailte agus na tuaithe agus cothaíonn sí mórtas áite, agus cuireann sí feabhas ar cháilíocht ár saoil laethúil.

Cuireann an timpeallacht go mór le rath geilleagrach trí infheistíocht a mhealladh, fostaíocht dhíreach agus indíreach a sholáthar, anuas ar bhonn scileanna traidisiúnta a chothú lena chur i bhfeidhm níos fairsinge. Tá ár n-oidhreacht ar cheann de na nithe is mó a mheallann cuairteoirí go hÉirinn, mar sin neartaíonn caomhnú agus cur chun cinn na hoidhreachta sin ár dtionscal turasóireachta agus cuireann sí le hathghiniúint ceantar uirbeach agus thuaithe.

Is iad príomhchoimeádaithe struchtúr, a chosnaítear faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, a n-úinéirí agus a n-áititheoirí, agus leagtar an fhreagracht as a gcosaint orthu, maraon leis na húdaráis áitiúla.

Tá an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha deartha mar thacaíocht d' úinéirí agus d'áititheoirí chun cúram a thabhairt d'ár n-oidhreacht thógtha agus a chinntiú go dtugtar cosaint dí sa todhchaí.

1.2 Cuspóir na Scéime

Is í cuspóir na Scéime Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha, caipiteal príobháideach a ghiaráil lena infheistiú i líon suntasach tionscadail dlúthshaothair bheagscála chaomhnaithe ar fud na tíre agus chun tacú le gairmithe caomhnaithe agus ceardaithe oilte agus taithíocha chun an timpeallacht stairiúil thógtha a dheisiú.

1.3 Oibriú na Scéime in 2019

Oibreofar an scéim seo i gcaitheamh 2019, agus cistiú le héileamh laistigh den bhliain féilire sin. Riarfaidh na húdaráis áitiúla an scéim, agus leithdháilfear méid áirithe ar gach ceann ón gciste foriomlán €2.5 milliún, faoi mar a chinneann an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An Roinn).

Ní ghlacfar ach le hiarratas amháin do gach struchtúr stairiúil.

Ní ghlacfar le hil-iarratais don struchtúr céanna faoin Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha agus an Ciste um Struchtúir Stairiúla in 2019.

2. Cáilitheacht

Tá an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha deartha chun cabhrú le deisiú agus caomhnú struchtúr a chosnaítear faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú). I gcásanna áirithe, tá an scéim ar fáil chomh maith, chun struchtúir a chaomhnú laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA) sa chás, i dtuairim an údaráis áitiúil, gur léiríodh go dteastaíonn oibreacha chun feabhais a chur ar charachtar agus ar dhealramh an LCA. Is í príomhchuspóir na scéime tacú le maoin atá faoi faoi úinéireacht phríobháideach a theastaíonn deisiú agus caomhnú uaithi.

Is féidir leis an scéim seo tacú freisin le tionscadail ina gcuimsítear eilimint de oiliúint i scileanna traidisiúnta. Is gá aon tionscadal dá leithéid a chomhaontú leis an Roinn agus an údarás áitiúil ábhartha.

2.1 Saghsanna Struchtúr Cáilitheach

Struchtúir faoi chosaint. Struchtúir a áirítear i dTaifead na Struchtúr faoi Chosaint (an TSC) de chuid gach limistéar údaráis áitiúil.

Struchtúir faoi Chosaint a Bheartaítear. Struchtúir a bheartaítear a chuimsiú sa TSC ach nár faomhadh go foirmiúil iad go fóill. Caithfear na struchtúir siúd a chur leis an TSC faoin 31 Nollaig 2019.

Struchtúir i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCAanna), nó laistigh de chonláiste Séadchomhartha Náisiúnta, sa chás go measann an Roinn go bhfuil cúinsí eisceachtúla i gceist.

2.2 Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha

Leagtar amach na hOibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha in Aguisín 1 den Chiorclán seo.

2.3 An Próiseas Measúnaithe

Ba cheart do phainéal saineolaithe laistigh den údarás áitiúil measúnú a dhéanamh ar iarratais, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta, nó, sa chás nach bhfuil ceann fostaithe, comhalta d'fhoireann ghairmiúil an údaráis áitiúil atá inniúil chun tabhairt faoin bhfeidhm seo. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar iarratais faoi na critéir seo a leanas a mbaineann an tábhacht chéanna leo:

1. **Tábhacht an Struchtúir**

2. **Éifeachtúlacht na nOibreacha**
   Ba cheart d'iarratasóirí a mhíniú conas a léiríonn méid an chistithe a lorgaítear **luach ar airgead** agus conas a chuireann sé go mór le rioscaí a dhíbirt agus conas a chuireann sé cosc ar dhul in olcas breise an struchtúir, agus a chinntíonn sé, dá bharr, go leanfaidh sé a bheith ann amach anseo.

3. **Tairbhí Fostaíochta**
   Ba cheart **luach an chruthaithe post** don tionscadal ar leith a chur san áireamh, chomh maith, an líon measta laethanta fostaíochta ina measc.

4. **Caighdeán na nOibreachta Beartaithe**
   Ní mór go mbeadh na hoibreacha caomhnaithe deartha, sonraithe agus maoirsithe ar an láithreán ag gairmí caomhnaithe foirgneamh le cáilíocht agus taithí cuí acu agus a mbeidh orthu a dhearbhú go ndearnadh an obair de chaighdeán sásúil.

Nuair atá an saineolas sonraitheach idir lámha ag cleachtóir, m.sh. tuíodóir nó saor cluiche, comhlíonann siadsan ról an ghairmí i dtógáil chaomhnaithe.

2.4 Úinéireacht/Áitiú ag Údarás Poiblí

Is féidir **20% amháin, ar a mhéid**, de leithdháileadh foriomlán cistithe gach údarás áitiúil a úsáid do struchtúir faoi úinéireacht/áitiú poiblí.

2.5 Cistiú Tionscadal

Is **€2,500** an cistiú íosta a bhronntar ar thionscadail rathúla agus **€15,000** a mhéid. Leithdháilfidh an t-údarás áitiúil cistiú do thionscadail bunaithe ar phróiseas ceart measúnaithe (féach Cuid 3). Ba cheart tús áite a thabhairt do thionscadail bheagscála dlúthshaothair. Ba cheart go léireodh tionscadail réimse scileanna caomhnaithe, agus níor cheart dóibh a bheith dírithe ar limistéar tíreolaíochta ar leith ná ar shaghas ar leith struchtúir.

2.6 Cistí Comhoiriúnaithe

Faoin SIOT, **níor cheart do luach iomlán an chisithe phoiblí go léir a sholáthraítear do thionscadail aonair 50% de chostas iomlán an tionscadail a shárú,** cistiú ina measc a fhaightear ó ghníomhaireachtaí poiblí eile, an SEAI, an Chomhairle Oidhreachta, LEADER, Ranna Rialtais agus údaráis áitiúla eile ina measc. Ní féidir obair dheonach (sochar comhchineáil) nó cistí/ranníocaíochtaí féin údarás áitiúil nó cistiú ó fhoinsí eile státchiste a úsáid chun riachtanas an chaiteachais chomhfhreagraigh a shásamh.

Faoi chúinsí eisceachtúla, féadfaidh an t-údarás áitiúil, i ndiaidh comhaontú scríofa a fháil ón Roinn, cistiú a leithdháileadh ar thionscadal sa chás go sáraíonn an cistiú iomlán poiblí 50% de chostas iomlán an tionscadail. Níl súil leis ag an Roinn go dtiocfadh na cúinsí eisceachtúla siúd aníos i gcás breis agus 20% de leithdháileadh iomlán an údaráis aitiúil.

Caithfidh a chomhionann de ranníocaíocht ó chistí príobháideacha gabháil le leithdháileadh foriomlán an údaráis áitiúil. Mar shampla, má leithdháiltear €60,000 ar údarás áitiúil, caithfear €60,000 de chistí príobháideacha, ar a laghad, a chaitheamh.

3. An Próiseas Iarratais agus Measúnaithe

3.1 An Próiseas Iarratais d'Úinéirí/Áititheoirí

Caithfear iarratais a dhéanamh leis an údarás áitiúil ábhartha (**Foirm A**) faoi spriocdháta a leagann an t-údarás áitiúil amach ach tráth nach déanaí ná **an 31 Eanáir 2019**.

Sa chás nach úinéir struchtúir incháilithe an t-iarratasóir, beidh ar an iarratasóir litir a sholáthar in éineacht le **Foirm A** ón úinéir a dhearbhaíonn go bhfuil cead an úinéara ag an iarratasóir chun tabhairt faoin obair.

Sa chás go bhfuil an struchtúr faoi úinéireacht údaráis áitiúil nó go bhfuil cúnamh airgeadais á sholáthar ag údarás áitiúil d'oibreacha ar struchtúr i mbaol faoi Alt 59, 69 agus/nó 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), is féidir le hoifigeach den údarás áitiúil an t-iarratas a dhéanamh a fhad agus a bhfuil comhshíniú an Stiúrthóra Seirbhísí ábhartha leis.

Ba cheart go mbeadh na hoibreacha a bheartaítear i gcomhréir leis na caighdeáin dhea-chleachtais, faoi mar a dtugtar cuntas air in *Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Pleanála* (2011) agus i bhfoilseacháin *Sraith Comhairle* na Roinne. Caithfear na treoirlínte maidir leis an bPróiseas Seandálaíochta agus Pleanála a d'eisigh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus na bileoga treorach a thabhairt san áireamh a d'eisigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) maidir le gnáthóga agus speicis sa chás gur cuí.

3.2 Sceideal na dTonscadal

Tá ar an údarás áitiúil sceideal sealadach tionscadal a chur chuig an Roinn ar **Fhoirm B** faoin **15 Feabhra 2019.** Caithfidh an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha an fhoirm seo a dheimhniú, maraon le nóta cumhdaigh sínithe.

3.3 An Cistiú a Bronnadh a Fhógairt

I ndiaidh faomhadh foirmiúil a fháil ón Roinn, ba cheart do na húdaráis áitiúla na hiarratasóirí rathúla a chur ar an eolas. Ba cheart go leagfadh an fógra an leibhéal cistithe amach a faoamhadh, an amlíne chun na hoibreacha a chur i gcrích, agus téarmaí agus coinníollacha an bhronnta.

Foilseofar tionscadail ar ar bronnadh cistiú faoin scéim seo ar shuíomh gréasáin na Roinne agus ba cheart iad a fhoilsiú chomh maith ar shuíomh gréasáin an údaráis aitiúil féin.

3.4 Tuarascálacha Rialta ar Dhul chun Cinn (Foirm B)

Caithfidh údaráis áitiúla **Foirm B** a nuashonrú agus a chur isteach ag eatraimh rialta leis an méid seo a leanas san áireamh:

- dul chun cinn na n-oibreacha
- méid an chistithe a éilítear (más ann)
- méid an chistithe phríobháidigh a ghiaráiltear (más ann), agus
- líon na laethanta fostaíochta a cruthaíodh (más ann)

Caithfear **Foirm B** a sheoladh ar aghaidh chuig an Roinn **an 29 Meitheamh 2019, an 6 Meán Fómhair 2019** agus **an 1 Samhain 2019**. I ngach cás, caithfear **Foirm B** a chur isteach maraon le Dearbhú Tuarascála ar Dhul chun Cinn sínithe ag an Stiúrthóir Seirbhísí ábhartha.

Dírítear d'aire, sa chás nach ndéantar na hoibreacha de réir téarmaí na scéime, go háirithe nuair a athraítear scóip na n-oibreacha agus nach bhfuil na hoibreacha nua i gcomhréir na ngcaighdeán riachtanach de dhea-chleachtais chaomhnaithe, nach bhfuil aon dualgas ag an Roinn an deontas a bhronnadh, toisc go bhfuil sárú ábhartha ar théarmaí thairiscint an deontais.

3.5 Monatóireacht ar Dhul chun Cinn an Tionscadail

Beidh ar údaráis áitiúla monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadal lena chinntiú go gcuirfear oibreacha i gcrích agus go gcuirtear an t-éileamh ar chistiú isteach faoi na spriocdhátaí riachtanacha. Sa chás nach bhfuil oibreacha ag leanúint ar aghaidh i gcomhréir leis na spriocdhátaí, féadfaidh an t-údrarás áitiúil, faoina lánrogha, an cistiú a aistarraingt agus é a athdháileadh ar thionscadal eile. Caithfear an Roinn a chur ar an eolas ar gach athdháileadh cistithe. Más mian le húdarás áitiúil cistiú a athdháileadh ar thionscadal nár faomhadh i dtosach báire don scéim seo, beidh seo faoi réir fhaomhadh na Roinne.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Roinn tabhairt faoi chigireachtaí ar struchtúir a bhfuil breithniú á dhéanamh orthu le haghaidh cistithe, má mheastar go bhfuil sin riachtanach.

3.6 Cistiú a Athdháileadh

Sa chás nár cuireadh tús le hoibreacha faoin **27 Meán Fómhair 2019**, ba cheart é seo a chur in iúl ar **Fhoirm B**. I ndiaidh dul i gcomhairle leis an údarás áitiúla ábhartha, tá an ceart ar cosaint ag an Roinn cistiú a athdháileadh ar údarás áitiúil eile, ar thionscadail a shásaíonn na critéir don scéim ina measc, sa chás gur tháinig géarghá chun solais i gcaitheamh na bliana.

Sa chás nach bhfuil cistiú tarraingthe síos go fóill ag iarratasóirí faoin **27 Meán Fómhair 2019**, ba cheart é seo a chur in iúl ar **Fhoirm B** nuair a sheoltar í don Roinn.

Féadfaidh an Roinn, faoina lánrogha, cistí neamhúsáidte faoin scéim a athdháileadh ar oibreacha sa chás gur tháinig géarghá aníos i ndiaidh dháta deirdih na n-iarratas agus go gcáileodh na hoibreacha ar bhealach eile don scéim.

4. Cistiú a Aisíoc

4.1 Forbhreathnú ar an bPróiseas Aisíocaíochta

Tá údaráis áitiúla freagrach as cistí a íoc faoin scéim le hiarratasóirí rathúla **roimh** aisíocaíocht a lorg ón Roinn. **Caithfear na hoibreacha go léir a bheith críochnaithe** agus deimhnithe ag an údaras áitiúil de bheith de réir théarmaí bhronnadh an deontais sular féidir leis an iarratasóir aisíocaíocht cistithe a lorg.

Caithfidh Foirm C Éileamh ar Aisíocaíocht a bheith comhlánaithe, sínithe agus seolta ar ais chuig an Roinn faoin **1 Samhain 2019. Caithfidh** Foirm B dheiridh gabháil leis an bhfoirm, maraon le cruthúnas gur íocadh cistiú le gach iarratasóir rathúil, e.g. asphrionta ó Agresso nó óna mhacasamhail de chóras airgeadais (a léiríonn ainm an iarratasóra agus dáta na híocaíochta araon). ***Ba cheart do údaráis áitiúla grianghraif dhigiteacha shoiléire ar chaighdeán maith d'oibreacha a chur isteach (roimh agus i ndiaidh) chun sampla léiritheach de thionscadail a sholáthar agus ba cheart go ngabhfadh tuairisc achomair ghearr leis seo ar na hoibreacha tionscadail a cuireadh i gcrích.***

Caillfear aon chistiú nach bhfuil éilithe faoin spriocdháta.

Forbhreathnú ar an bPróiseas Aisíocaíochta:



5. Téarmaí agus Coinníollacha

5.1 Fógraíocht

Ba chear don údarás áitiúil cóip leictreonach den chiorclán seo, an bhileog eolais agus an fhoirm iarratais ábhartha a phostáil ar a suíomh gréasáin.

5.2 Measúnú, Faomhadh agus Maoirsiú Tionscadal

Tá freagracht ag gach údarás áitiúil iarratais faoin scéim a mheasúnú agus a fhaomhadh agus déanfaidh siad iniúchadh gur críochnaíodh na hoibreacha i gcomhréir le dea-chleachtas caomhnaithe agus é sin a dheimhniú.

Cinnteoidh údaráis áitiúla go ndéantar oibreacha caomhnaithe a bheartaíonn na hiarratasóirí **a dhearadh, a shonrú agus a mhaoirsiú ar an láthair ag gairmí caomhnaithe foirgneamh taithíoch a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu.** Aithníonn an Roinn go bhféadfadh eisceachtaí a bheith ann ina leith seo nuair a chuirtear scála agus cineál na n-oibreacha san áireamh atá á mbeartú nó sa chás go mbíonn an saineolas sonrach ag an gcleachtóir, e.g. tuíodóir nó saor cloiche. Caithfidh na húdaráis áitiúla a chinntiú go mbeidh na deimhniúcháin riachtanacha go léir ag teastáil in áit fad a bhíonn oibreacha ar bun agus atá críoch curtha leo.

Déanfaidh na húdaráis áitiúla measúnú ar gach iarratas tríd na critéir a leagtar amach i **gCuid 2.3** a úsáid.

Dírítear d'aire, sa chás nach ndéantar na hoibreacha de réir téarmaí na scéime, go háirithe nuair a athraítear scóip na n-oibreacha agus nach bhfuil na hoibreacha nua i gcomhréir na ngcaighdeán riachtanach de dhea-chleachtais chaomhnaithe, nach bhfuil aon dualgas ag an Roinn an deontas a bhronnadh, toisc go bhfuil sárú ábhartha ar théarmaí thairiscint an deontais.

5.3 Oibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha

Leagtar amach na hOibreacha Cáilitheacha agus Neamhcháilitheacha in Aguisín 1 den Chiorclán seo.

5.4 Ráiteas Modha

Ba cheart **ráiteas modha** feiliúnach, arna dhréachtú ag gairmí caomhnaithe foirgneamh inniúil a bheith faofa ag duine inniúil laistigh den údarás áitiúil do gach iarratasóir a fuair faomhadh sealadach ar chistiú, sula gcuirtear tús leis na hoibreacha.

5.5 Grianghraif

Ba cheart go lorgódh údaráis áitiúla grianghraif dhigiteacha d'ardchaighdeán den tionscadal ón iarratasóir sula gcuirtear tús leis na hoibreacha, a bhféadfaí iad a úsáid, níos déanaí, chun comparáid 'roimh agus i ndiaidh' a dhéanamh ar mhaithe le cuspóirí tuairiscithe. Tabhair faoi deara go bhféadfaidh an Roinn aon íomhá nó na híomhánna go léir a úsáid a sholáthraíonn an t-iarratasóir nó an údarás áitiúil chun an scéim a fhógairt nó a phoibliú. Moltar d'iarratasóirí agus d'údaráis áitiúla cead a fháil íomhánna a úsáid (más gá) sula gcuireann siad faoi bhráid na Roinne iad.

5.6 Iarratasóirí a bhfuil Faoiseamh Cánach Gaolmhar á Fháil Acu

Sa chás go bhfuair iarratasóir faoiseamh cánach faoi **Alt 482** den *Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997* (arna leasú), (roimhe seo Alt 19 den *Acht Airgeadais 1982*) agus/nó sa chás go bhfuair an t-úinéir/áititheoir faoiseamh cánach faoin **Scéim um Fheabhsúcháin Tí** nó faoi **Thionscnamh na Cathrach Beo**. Tá an dualgas áfach, ar an úinéir/áititheoir a bhfuil an faoiseamh cánach thuasluaite á fháil aige/aici, chun na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas ar aon chistiú a fhaightear tríd an scéim seo. Cuirfidh an Roinn liosta d'iarratasóirí rathúla faoin scéim seo ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim.

5.7 Ceanglais Reachtúla

Caithfidh na hoibreacha atá faofa do dheontais na ceanglais reachtúla go léir a chomhlíonadh, cead pleanála ina measc. Sa chás go mbeartaítear oibreacha a dhéanamh ar láithreáin/shéadchomharthaí atá faoi chosaint faoi *Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004*, caithfear na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh chun fógra a thabhairt nó le haghaidh toiliú ón Aire faoi na hAchtanna siúd.

Ceanglófar ar iarratasóir cóipeanna a chur isteach de gach cead, dearbhú, fógra nó toiliú ábhartha nuair a dhéantar éileamh ar dheontas.

Tá an dualgas ar an iarratasóir gach ceanglas reachtúil eile ábhartha a chomhlíonadh, ar nós na hAchtanna um Fhiadhúlra, ceadúnais urthrá (más infheidhme), an reachtaíocht Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa, agus reachtaíocht comhshaoil agus fostaíochta. Cuirtear an méid seo ar a leanas ar aird an údaráis áitiúil: *(An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta 2012) Speicis Ainmhithe a Dhianchosaint: Treoir d'údaráis áitiúla ar Airteagail 12 agus 16 den Treoir maidir le Gnáthóga ón AE a chur i bhfeidhm ar fhorbairt/oibreacha a dhéantar ag thar ceann údarás áitiúil*. Tá foilsiú *na dTreoirlínte d'Éirinn maidir le Maolú Ialtóg Éire* (2006) ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne anseo.

5.8 Cistiú Státchiste Eile

B'fhéidir go mbeidh tionscadail incháilithe cistiú a fháil ó bhreis agus scéim amháin a chistítear go poiblí. Lena chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais i dtaobh cistiú comhfhreagrach don scéim, ba cheart don údarás áitiúil faisnéis a sholáthraíonn an t-iarratasóir a chros-seiceáil maidir le cistiú ó scéimeanna eile, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh seo:

(a) An Scéim Deontais Tuíodóireachta a riarann an Chomhairle Oidhreachta nó Ranna Rialtais eile

(b) Deontais chaomhnaithe a riarann an Chomhairle Oidhreachta

(c) Scéimeanna um Fheabhsú Fuinnimh a oibríonn an SEAI (más ábhartha)

Sa chás go ndearna iarratasóir iarratas ar nó sa chás go bhfuair sé/sí cistiú ó scéimeanna eile atá comh-mhaoinithe ag an AE (e.g. Clár LEADER) d'oibreacha a faomhadh faoin scéim seo, **ní mór nach sáraíonn** iomlán carnach an chistithe sin **agus** an cistiú faoin scéim seo **na teorainneacha a leagtar amach sna scéimeanna Cistithe Eorpacha siúd.**

5.9 Caiteachas Incháilithe

Ní cheadaítear **Cáin Bhreisluacha (CBL)** faoin scéim seo, ach don chuid de na hoibreacha caipitiúla atá á gcistiú agus ach amháin faoi chúinsí nach bhfuil an CBL sin in-aisghabhála faoin scéim seo ar aon bhealach eile.

Ceadaítear **Táillí Gairmiúla** i dtaca leis an gcuid sin d'oibreacha caipitiúla atá á gcistiú ag an scéim.

5.10 Aisíocaíochtaí

Dírítear d'aire, sa chás nach ndéantar na hoibreacha de réir téarmaí na scéime, go háirithe nuair a athraítear scóip na n-oibreacha agus nach bhfuil na hoibreacha nua i gcomhréir na ngcaighdeán riachtanach de dhea-chleachtais chaomhnaithe, nach bhfuil aon dualgas ag an Roinn an deontas a bhronnadh, toisc go bhfuil sárú ábhartha ar théarmaí thairiscint an deontais.

Má dhíoltar struchtúr faoi chosaint ar a bronntar cistiú **a scriosadh ón TSC**, nó má aistrítear an úinéireacht laistigh de thréimhse 5 bliana ón dáta a íoctar cistiú faoin scéim, tá an ceart ar cosaint ag an údaras áitiúil roinnt de na cistí nó iad uile a bronnadh ar an tionscadal sin a 'aisghlámadh'. Sa chás go n-aistrítear úinéireacht sula n-íoctar cistí faoin scéim seo, féadfaidh an údaras áitiúil socruithe a dhéanamh chun an cistiú a aistriú chuig úinéir nua na maoine.

I gcás **struchtúr faoi chosaint a bheartaítear**, ar bronnadh cistiú air agus **nár cuireadh leis an TSC** faoin 31 Nollaig 2019, tá an ceart ar cosaint ag an Roinn aisíocaíocht a lorg.

Caithfear aon chistiú a sholáthraítear don udaras áitiúil a dhéantar a aisghabháil ina dhiaidh sin faoi Alt 70 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), ó úinéir/áititheoir an struchtúir chistithe, **a aisíoc** leis an Roinn.

5.11 Nósanna Imeachta Airgeadais

Tá ar an údarás áitiúil a a chinntiú go leantar nósanna imeachta cearta maidir le cead pleanála, riachtanais bhainistíochta airgeadais, nósanna imeachta imréitigh cánach, agus bainistíocht agus cuntasacht do dheontais ó chistí státchiste.

5.12 Tuarascáil Bhliantúil agus Poiblíocht

Ba cheart do gach údarás áitiúil faisnéis a chur san áireamh ar oibriú na scéime ina dTuarascáil Bhliantúil. Ba cheart rannchuidiú na Roinne a aithint go poiblí i ngach fógra agus poiblíocht maidir leis an scéim seo.

5.13 An tAcht um Shaoráil Faisnéise

B'fhéidir go mbeidh iarratais ar chistiú faoin scéim seo faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

5.14 Cáipéisí a Choinneáil

Caithfear cáipéisíocht cheart i ndáil leis an scéim seo a choimeád i gcomhad ar feadh 7 mbliana, ar a laghad. Ba cheart cáipéisíocht a chur ar fáil don Roinn ar iarratas.

5.15 Achomhairc

Tá cinntí an Aire críochnaitheach. Ba cheart aon cheist i dtaca le riaradh na scéime seo a dhíriú ar an údarás áitiúil sa chéad chéim. I gcás gearáin, ba cheart iarratasóirí a chur ar an eolas ar an gceart atá acu go n-atreorófar iad chuig Oifig an Ombudsman.

5.16 Ráiteas GDPR/Príobháideachais

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta tiomanta do do phríoháideachas agus úsáideann sí slithe teicniúla agus eagraíochtúla chun do chuid faisnéise a chosaint ó úsáid neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do shonraí pearsanta chun críche ar bith eile seachas an chúis gur bailíodh iad. D'fhéadfaí sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoin Roinn, nó le comhlacht poiblí eile, i gcúinsí ar leith a fhoráiltear sa dlí.

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá sin chun na críche ar bailíodh iad agus ar próiseáladh iad tar éis sin. Nuair a éagann an riachtanas gnó an t-eolas seo a choinneáil, féachfar air d'fhonn na sonraí pearsanta a scrios a luaithe agus is féidir agus i gcomhréir le polasaí na Roinne. Tá breis eolais ar Chosaint Sonraí le fáil anseo.

Teagmháil

Chun teacht ar bhreis faisnéise i dtaca le hoibriú na scéime seo, ba cheart d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an rannóg ábhartha san údarás áitiúil sa chéad chás. Féadfaidh údaráis áitiúla teagmháil a dhéanamh le **Rannóg Beartas Oidhreachta Tógtha** na Roinne.

Forbhreathnú ar an bPróiseas

Samhain 2018
- Fógraítear an scéim
- Cuireann an Roinn gach údarás áitiúil car an eolas ar a leithdháileadh bliantúil

Samhain 2018
- Fógraíonn gach údarás áitiúil an scéim agus tugtar cuireadh d'iarratais trí **Fhoirm A** a úsáid **(Aguisín II)**

Eanáir 2019
- Comhláníonn an tIarratasóir **Foirm A** agus seolann í isteach le faisnéis ábhartha eile chuig an údarás áitiúil faoin spriocdháta a leag an t-údarás áitiúil amach ach tráth nach déanaí ná **an 31 Eanáir 2019** Déanann an t-údarás áitiúil measúnú ar gach iarratas incháilithe trí chritéir shonraithe a úsáid

Feabhra 2019
- Cuireann an t-údarás áitiúil **sceideal tionscadal** isteach **trí Fhoirm B** a úsáid **(Aguisín III)** chuig an Aire go ndéanfar faomhadh foirmiúil é faoin **15 Feabhra 2019**

Márta 2019
- Déanann an Roinn teagmháil leis an údarás áitiúil le **faomhadh foirmiúil** faoin **2 Márta 2019**

Márta 2019
- Cuireann an t-údarás áitiúil iarratasóirí ar an eolas faoin **faomhadh sealadach**
- Is féidir **cead deiridh** a thabhairt a luaithe a shásaíonn an t-iarratasóir coinníollacha an údaráis áitiúil

Márta 2019
- Tá ar gach iarratasóir **Ráiteas Modha** a chomhaontú leis an údarás áitiúil sula gcuirtear tús leis na hoibreacha

28 Mei 2019
- Cuireann gach údarás áitiúil **an chéad** tuarscáil ar dhul chun cinn chuig an Roinn trí **Fhoirm B** a úsáid **faoin 28 Meitheamh 2019.** D'fhéadfadh an Roinn cistiú a athdháileadh ar údarás áitiúil eile ag brath ar dhul chun cinn

6 M.F. 2019
- Cuireann gach údarás áitiúil **an dara** tuarscáil ar dhul chun cinn faoi bhráid an Roinn trí **Fhoirm B** a úsáid **faoin 6 Meán Fómhair 2019**
- Féadfaidh an Roinn cistiú **a athdháileadh** ar údarás áitiúil eile nuair **nár** cuireadh tús le hoibreacha faoin dáta seo

27 M.F. 2019
- Caithfidh gach údarás áitiúil an Roinn a chur ar an eolas ar aon chistiú **nár** tarraingíodh anuas faoin **27 Meán Fómhair 2019**

Bea -D.F. 2019
- Déanann gach údarás áitiúil iniúchadh agus deimhniú ar oibreacha a agus íocann siad cistiú a bronnadh ar iarratasóir sula ndéantar iarratas ar aisíocaíocht ón Roinn

2 Sam 2019
- Cuireann gach údarás áitiúil éileamh chuig an Roinn ar aisíocaíocht faoin **1 Samhain 2019** trí **Fhoirm C (Aguisín IV)** a úsáid
- Cuireann gach údarás áitiúil an tríú tuarascáil **(dheiridh)** ar dhul chun cinn isteach trí **Fhoirm B** le **Foirm C** a úsáid.

Nóta Treorach Gairid ar an Ráiteas Modha

Ba cheart go ndéanfaí cur síos sa Ráiteas Modha ar bhail an struchtúir agus ba cheart go sonrófaí ann an mhodheolaíocht chaomhnaithe a úsáidfear. Ba cheart go mbeadh sé cuí do chineál agus scála na n-oibreacha a bheartaítear e.g. ní theastóidh an méid céanna sonraí ó ráiteas modha maidir le hatuíodóireacht a bheidh ag teastáil le haghaidh deisiúcháin struchtúracha nó saoirseachta.

Caithfidh na hoibreacha a bheartaítear cloí le **dea-chleachtas caomhnaithe** faoi mar a dtugtar cuntas air in ***Cosaint Oidhreacht Ailtireachta - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála***. Ba cheart go mbeadh oibreacha bunaithe ar thuiscint ar an struchtúr, agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as ábhair chuí. Ba cheart go mbeadh sé de chuspóir acu stad a chur le meathlú breise trí dhul i ngleic leis sin is cúis leis an struchtúr a chur i mbaol. Ba cheart a laghad ábhar bunúil agus is féidir a ionadú agus níor cheart seo a dhéanamh ach nuair a bhíonn gá iomlán leis. Ba cheart go n-áireofaí leis an Ráiteas Modha:

1. An struchtúr reatha

Cur síos, ina bhfuil a ghnéithe suntasacha go léir breactha síos, an chuma atá air, a shuíomh, a fhoirm, an bhail atá air, an fheidhm a bhaintear as faoi láthair, an tábhacht a bhaineann leis, stair ghearr ailtireachta (má tá fáil air), agus na hábhair a bhfuil sé déanta díobh. Ina theannta sin, caithfear léarscáil de shuíomh an láithreáin atá den scála agus den cháilíocht oiriúnach atá marcáilte go soiléir a sholáthar chomh maith.

2. Cur síos gonta ar na hoibreacha a bheartaítear

Ba cheart go sainaithneofaí ann seo na saincheisteanna is cúis le baol, cén oibreacha deisiúcháin a bheartaítear, conas a dhéanfar an obair, cén ábhair a úsáidfar, agus conas a chaomhnófar creatlach an fhoirgnimh. Caithfear a áireamh leis na pleananna, líníochtaí agus na meáin amhairc ábhartha lena dtacaíonn, ar nós grianghraf nó léaráidí eile agus ba cheart go n-áireofaí leis, go tipiciúil, na saincheisteanna seo a leanas:

a) An bhfuil na hoibreacha sealadach nó buan?
b) Cén saghas deisiúcháin atá á bheartú agus ag cén láithreacha a bheartaítear iad?
c) Cén cóireáil/ionadú creatlaí a bhfuil díobháil déanta di a bheartaítear?
d) Cén ábhair ionaid (más ann dóibh) a chorprófar?
e) Sonraí faoi mhaoirseacht agus monatóireacht ar an láthair
f) Sceideal gearr ar na hoibreacha nó sraith na n-oibreacha
g) Costas measta tionscadail

3. Ráiteas tionchair agus bearta maolaithe a bheartaítear (más infheidhme)

Aon tionchar dóchúil a imreoidh na hoibreacha oibre ar struchtúr agus bealaí chun drochthionchar a mhaolú. Féadtar a áireamh le maolú dearadh, uainiú agus modheolaíocht (i.e. deisiúcháin dín atá uainithe lena sheachaint cur isteach ar choilíneachtaí ialtóg nó oibreacha rindreála atá uainithe chun ligean do mhoirtéal aoil éirí crua), inaisathraitheacht, ábhair a roghnú go cúramach, etc.